

**An Bhruiséil, 6 Márta 2025
(OR. en)**

6775/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0326(NLE)**

**SCH-EVAL 16
SCHENGEN 17
JAI 275
MIGR 81
COMIX 76**

TORADH NA nIMEACHTAÍ

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moltaí lena dtugtar aghaidh ar réimsí coiteanna le haghaidh feabhais a sainaitníodh mar thoradh ar mheastóireacht théamach Schengen 2024 ‘Bearnaí náisiúnta a dhúnadh: i dtreo córas éifeachtach AE um fhilleadh trí réitigh choiteanna agus trí chleachtais nuálacha’

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moltaí lena dtugtar aghaidh ar réimsí coiteanna le haghaidh feabhais a sainaitníodh mar thoradh ar mheastóireacht théamach Schengen 2024 ‘Bearnaí náisiúnta a dhúnadh: i dtreo córas éifeachtach AE um fhilleadh trí réitigh choiteanna agus trí chleachtais nuálacha’ arna glacadh ag an gComhairle ag an gcrúinniú a bhí aici an 5 Márta 2025.

I gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

MOLTAÍ

lena dtugtar aghaidh ar réimsí coiteanna le haghaidh feabhais a sainaithníodh mar thoradh ar mheastóireacht théamach Schengen 2024 ‘Bearnaí náisiúnta a dhúnadh: i dtreo córas éifeachtach AE um fhilleadh trí réitigh choiteanna agus trí chleachtais nuálacha’

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013¹, agus go háirithe Airteagal 24 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) D'iarr an Chomhairle Eorpach ina conclúid an 17 Deireadh Fómhair 2024 go ndéanfaí gníomhaíocht dhiongbháilte ar gach leibhéal chun filleadh ón Aontas Eorpach a éascú, a mhéadú agus chun dlús a chur leis, trí úsáid a bhaint as beartais, ionstraimí agus uirlisí ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear taidhleoireacht, forbairt, trádáil agus víosaí.

¹ IO L 160, 15.6.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/922/oj>.

- (2) In 2024, rinne foireann meastóireachta a bhí comhdhéanta de shaineolaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún, agus de bhreathnóirí ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) meastóireacht théamach ar chleachtais agus ar chumais na mBallstát chun filleadh éifeachtach náisiúnach tríú tír nach bhfuil ceart fanachta acu ar chríocha na mBallstát a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm a áirithiú. Bhí sé d’aidhm ag an meastóireacht théamach acmhainneacht na mBallstát a neartú maidir lena n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh i ndáil le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil ceart dlíthiúil fanachta acu a fhilleadh, agus rannchuidiú le cur chun feidhme aonfhoirmeach comhchuibhithe éifeachtúil *acquis* Schengen, agus é á chur san áireamh go bhfuil an filleadh rithábachtach chun bainistiú imirce éifeachtach inchreidte a áirithiú, lena n-áirítear chun gluaiseachtaí tánaisteacha a theorannú, agus chun aghaidh a thabhairt ar bhealach inbhuanaithe ar roinnt de na príomhbhagairtí ar shlándáil inmheánach limistéar Schengen. Ba é ab aidhm don mheastóireacht théamach freisin príomhbhacainní coiteanna a shainaithint lena gcuirtear teorainn le cumas na n-údarás náisiúnta fillteacha éifeachtacha a dhéanamh agus réitigh agus cleachtais choiteanna de chuid an Aontais a shainaithint lena dtabharfar breisluach do chóras coiteann de chuid an Aontais um fhilleadh.
- (3) Ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir an próiseas um fhilleadh agus cur chun feidhme foriomlán *acquis* Schengen, rud a fhágann go bhfuil próiseas casta ann ina bhfuil líon ard gníomhaithe, údarás agus páirtithe leasmhara rannpháirteach, díriodh sa mheastóireacht théamach ar thrí ábhar beartais éagsúla: filleadh, cosaint na dteorainneacha seachtracha, agus bainistiú chórais TF. Ba é príomhchuspóir an chur chuige sin a mheas an ndéanann na Ballstáit na bearta uile is gá chun cinnti um fhilleadh a fhorfheidhmiú, agus urraim do chearta bunúsacha na náisiúnach tríú tír lena mbaineann á háirithiú ag an am céanna, agus gníomhaíochtaí a shainaithint a d’fhéadfaí a dhéanamh chun cúrsaí a fheabhsú sna réimsí sin.
- (4) Tar éis na meastóireachta téamaí, ghlac an Coimisiún tuarascáil¹ ina bhfuil an measúnú ar réimsí comhchoiteanna le haghaidh feabhais agus ina liostaítear na dea-chleachtais a sainaithníodh le linn na meastóireachta téamaí².
- (5) Na Stáit uile a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine, rinneadh meastóireacht orthu mar chuid den mheastóireacht théamach sin i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear i dtreoir mheastóireachta Schengen a leagtar amach i Moladh C(2023) 6790 ón gCoimisiún³.
- (6) D’oibrigh an fhoireann meastóireachta faoi chomhordú príomhshaineolaithe ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit (an tSualainn). Bhí sé comhdhéanta freisin den dara saineolaí ón gCoimisiún agus de shaineolaithe náisiúnta ón Ostair, ón mBeilg, ón tSeicia, ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Iodáil, ón Laitvia, ó Lichtinstéin, ón Liotuáin, ón Iorua, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón tSlóivéin, ón Spáinn agus ón Eilvéis. Thacaigh breathnóirí arna n-ainmniú ag Frontex agus ag Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha le hobair na foirne meastóireachta.

¹ C(2024) 9171.

² Is cleachtais iad sin a chuireann feabhas, de réir na foirne meastóireachta, ar éifeachtacht an chórais AE um fhilleadh. Ní dheanadh seiceáil orthu sin maidir le comhlíonadh dhlí an Aontais, ós rud é gurb iad na Ballstáit a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm atá lánfhreagrach as comhlíonadh na rialacha is infheidhme a áirithiú.

³ Moladh ón gCoimisiún C(2023) 6790 an 16 Deireadh Fómhair 2023 maidir le treoir mheastóireachta Schengen a bhunú atá le húsáid chun sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen a chur chun feidhme.

- (7) D'fhorbair an fhoireann meastóireachta ceistneoir tiomnaithe agus rinne siad anailís ar thorthaí tuarascálacha meastóireachta Schengen a rinneadh roimhe seo chun dúshláin choiteanna agus dea-chleachtais atá ábhartha don mheastóireacht théamach a shainaithe.
- (8) Tá na moltaí a leagtar amach sa Chinneadh seo agus na dea-chleachtais a bhailítear agus a dtugtar tuairisc orthu sa tuarascáil bunaithe ar thrí bhloc tógála: (1) filleadh éifeachtach mar cheanglas le haghaidh Córas Schengen dea-fheidhmiúil, (2) éifeachtacht a áirithiú ag príomhchéimeanna an phróisis um fhilleadh idir na húdaráis náisiúnta, agus (3) éifeachtúlacht náisiúnta a uasmhéadú trí chomhar Eorpach níos láidre. Tá pleanáil chothrománach éifeachtach de dhíth ar na bloic thógála sin, lena n-áirítear le haghaidh cumais leordhóthanacha, nósanna imeachta cuíchóirithe, agus comhordú éifeachtach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht.
- (9) Leagtar béim sa mheastóireacht théamach ar a thábhachtaí atá an filleadh mar chuid lárnach de na straitéisí náisiúnta maidir le Bainistiú Comhtháite ar Theorainneacha san Eoraip. Is réamhriachtanas ríthábhachtach é comhar idirghníomhaireachta éifeachtach ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh córas náisiúnta dea-fheidhmiúil um fhilleadh agus, dá bhrí sin, le haghaidh córas coiteann Eorpach. Chun córas mar sin a bhaint amach, tá gá le malartú faisnéise feabhsaithe chun cinnteoireacht níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a dhéanamh, tríd an úsáid is fearr a bhaint as an bhfaisnéis atá ar fáil d'údarais ar an leibhéal náisiúnta agus laistigh de chórais faisnéise mhórsála an Aontais, Córas Faisnéise Schengen go príomha.
- (10) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcuirfear tús tapa leis an bpróiseas um fhilleadh de réir na nósanna imeachta a bhaineann le deireadh a chur le fanacht dleathach chun an oibleagáid cinntí um fhilleadh a eisiúint gan mhoill do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chomhlíonadh laistigh de na nósanna imeachta agus na coimircí a luaitear sa Treoir um Fhilleadh, mar a léirmhínigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh í. An tráth céanna, ní mór na coimircí ábhartha uile maidir le cearta bunúsacha a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh náisiúnaigh tríú tír faoi réir measúnú aonair lena gcuirfear a staid agus a riachtanais san áireamh, chomh maith le rochtain ar leigheas éifeachtach. Agus *acquis* Schengen maidir le filleadh ann, tá sé de rogha ag na Ballstáit nósanna imeachta agus módúlachtaí oibríochtúla éifeachtacha a bhunú lena n-urramaítear cearta bunúsacha.
- (11) Is céim riachtanach é náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithe chun an nós imeachta um fhilleadh a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear trí úsáid éifeachtach a bhaint as na huirlisí agus as an bhfaisnéis uile atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

- (12) Chun go mbeidh córas éifeachtach ann maidir le filleadh, ní mór an deis a bheith ann filleadh díniteach inbhuanaithe a dhéanamh ar bhonn deonach, rud atá níos fearr ná filleadh éigeantach. Is príomhuirlisí iad comhairleoireacht maidir le filleadh agus an cúnamh atá ar fáil maidir le hathimeascadh chun filleadh deonach a spreagadh. Chun go mbeidh an córas um fhilleadh deonach iontaofa, agus chun éalú agus gluaiseachtaí tánaisteacha a chosc, is gá faireachán éifeachtach a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír a dtugtar ordú dóibh imeacht chun a áirithiú go gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí um fhilleadh. Éascaítear é sin le feidhmiúlachtaí Chóras Faisnéise Schengen, feidhmiúlachtaí ar cheart iad a chomhlánú le bearta éifeachtacha ar an leibhéal náisiúnta chun an éifeacht inmhianaithe a bhaint amach.
- (13) Chun impleachtaí slándála a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, tá sé ríthábhachtach nósanna imeachta éifeachtacha agus sásraí comhair éifeachtacha a bheith ann idir údaráis ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil ceart dlíthiúil fanachta acu agus atá ina mbagairt slándála a shainaithint a luaith is féidir, agus chun tosaíocht a thabhairt dá bhfilleadh. Ar an gcúis chéanna, tá gá le comhar éifeachtach idir na húdaráis ábhartha chun náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil ceart dlíthiúil fanachta acu agus a bhfuil téarma príosúnachta á chur isteach acu a fhilleadh.
- (14) Le Córas Faisnéise Schengen uasghrádaithe, lena n-áirítear foláirimh maidir le filleadh, treisítear na nósanna imeachta um fhilleadh nuair a úsáidtear go héifeachtach é, lena n-áirítear trí shonraí bithmhéadracha a chomhroinnt agus amais a thuairisciú, chomh maith le faisnéis fhorlíontach a mhalartú idir na Ballstáit.
- (15) Is acmhainní luachmhara iad cur chun feidhme éifeachtach *acquis* Schengen agus na n-uirlisí Eorpacha atá ann cheana chun éifeachtacht na bhfillteacha a fheabhsú a thuilleadh. Mar sin féin, chun a dtionchar a uasmhéadú, ba cheart do na Ballstáit a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm bearta breise agus cleachtais fheabhsaithe a leanúint.
- (16) Sainaithníodh sa tuarascáil réimsí coiteanna feabhais nach mór do na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu agus nósanna imeachta á n-ullmhú nó á gcur i gcrích acu chun náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil ceart dlíthiúil fanachta acu a fhilleadh. Tá go leor dea-chleachtas sa tuarascáil freisin chun tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann cheana.
- (17) Sainaithnítear sa Chinneadh seo moltaí le haghaidh gníomhaíochtaí feabhais chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí coiteanna a bhféadfaí feabhas a chur orthu a sainaithníodh le linn na meastóireachta. De bhun Airteagal 23(3) de Rialachán (AE) 2022/922, tá na Ballstáit le plean gníomhaíochta chun na moltaí a chur chun feidhme a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle. Ba cheart é sin a dhéanamh laistigh de 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Ba cheart foráil a dhéanamh sa phlean gníomhaíochta maidir le bearta feabhais leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu.

- (18) Ina theannta sin, ag tógáil ar an réimse leathan dea-chleachtas a bhailítear agus a ndéantar cur síos orthu sa tuarascáil, ba cheart do na Ballstáit breisluach na rudaí sin a gcuirfeadh le córas um fhilleadh níos éifeachtaí de chuid an Aontais agus a indéanta atá sé iad a chur chun feidhme a mheas, agus i gcomhairle, i gcás inarb ábhartha, leis na Ballstáit a bhfuil siad curtha chun feidhme acu cheana féin. Moltar do na Ballstáit na dea-chleachtais sin atá beartaithe acu a chur chun feidhme a shainaithint sna pleananna gníomhaíochta aonair agus d'fhéadfadh siad a léiriú sa phlean gníomhaíochta na cúiseanna nach féidir leo na dea-chleachtais eile a chur chun feidhme agus sainiúlachtaí náisiúnta dlíthiúla agus oibríochtúla á mbreithniú.
- (19) De bhun Airteagal 23(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2022/922, tá an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an bhfoireann meastóireachta, le hathbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na bpleananna gníomhaíochta laistigh de mhí amháin ón dáta a chuirfear an plean isteach. De bhun Airteagal 23(3), an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír, den Rialachán sin, tá na Ballstáit le tuairisciú don Choimisiún agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme a bplean gníomhaíochta gach 6 mhí ón dáta a fhaightear fógra go bhfuarthas an t-athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta, go dtí go measfaidh an Coimisiún go bhfuil an plean gníomhaíochta curtha chun feidhme ina iomláine.
- (20) I gcásanna ina ndírítear moltaí comhionanna nó inchomparáide lena dtugtar aghaidh ar réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a leagtar amach sa Chinneadh seo, go ndírítear iad ar Bhallstát aonair freisin faoi chuimsiú a mheastóireachta tréimhsiúla, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann tagairt a dhéanamh don tslí ar thug sé aghaidh ar na moltaí sin i bpleananna gníomhaíochta ábhartha eile. Leis an bpróiseas leantach, féachfar le sineirgí breise a dhéanamh idir oibleagáidí tuairiscithe a thagann as an meastóireacht thréimhsiúil agus iad siúd a thagann as an meastóireacht théamach.
- (21) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

AG MOLADH:

go ndéanfaidh Poblacht na hOstaire, Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Cróite, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht na Fionlainne, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Prionsacht Lichtinstéin, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Ríocht na hIorua, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise an méid seo a leanas:

I. ÉILÍONN CÓRAS SCHENGEN DEA-FHEIDHMIÚIL FILLTEACHA ÉIFEACHTACHA

Filleadh mar chuid lárnach de rialachas Schengen

1. Cur chun feidhme éifeachtach an fhillte a áirithiú mar dhlúthchuid de chomhpháirteanna ábhartha na straitéisí náisiúnta don Bhainistiú Comhtháite ar Theorainneacha Seachtracha san Eoraip, agus an comhar éifeachtach idir na páirtithe leasmhara uile a chur chun cinn, dá bhforáiltear in Airteagail 3 agus 8(6) de Rialachán (AE) 2019/1896¹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
2. Na pleananna forbartha cumais agus teagmhais maidir le fillleadh a bhunú agus a nuashonrú ar bhonn rialta, bunaithe ar thoradh anailíse riosca, dá bhforáiltear in Airteagail 9(3) agus (4) agus 29(7) de Rialachán (AE) 2019/1896;

II. ÉIFEACHTAcht A ÁIRITHIÚ AG CéIMEANNA ÁIRITHE DEN PHRÓISEAS UM FHILLEADH IDIR ÚDARÁIS NÁISIÚNTA

Nósanna imeachta um fhilleadh a thionscnamh agus a bhainistiú go héifeachtach

3. A áirithiú go n-eiseofar cinneadh um fhilleadh gan moill mhíchúí chuig aon náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², agus na féidearthachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 6(6) den Treoir sin á gcur san áireamh;
4. Measúnú ar an gcóras achomhairc náisiúnta le haghaidh cinntí um fhilleadh (go háirithe maidir leis an líon cásanna, sprioc-amanna achomhairc, coinníollacha maidir le héifeacht fionraíochta uathoibríoch a dheonú, sprioc-amanna le haghaidh athbhreithniú breithiúnach) agus bearta a dhéanamh as a n-eascraíonn nósanna imeachta achomhairc prasa a chuireann le héifeachtacht fhoriomlán an fhillte, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Threoir 2008/115/CE, agus lánurraim á háirithiú do chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 13 den Treoir sin;
5. Forfheidhmiú cinntí um fhilleadh a áirithiú ar bhealach éifeachtach comhréireach i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Threoir 2008/115/CE, trí bhearta a dhéanamh chun déileáil go tapa le hiarratais a dhéantar ina dhiaidh sin ar chosaint idirnáisiúnta nach bhfuil fíricí nó imthosca nua iontu, agus a thaisctear chun moill a chur ar aistriú nó bac a chur ar aistriú agus chun na críche sin amháin;

¹ Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cóstá Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj>).

² Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/115/oj>).

Córas Bainistithe Cásanna um Fhilleadh Digiteach chun comhordú idir údaráis a áirithiú (lena n-áirítear córais mhórsála TF)

6. An córas náisiúnta bainistithe cásanna um fhilleadh a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh agus an tsamhail le haghaidh córais náisiúnta bainistithe cásanna um fhilleadh arna bunú ag Frontex, agus forbairtí ar réitigh dhigiteacha le haghaidh nósanna imeachta imirce agus tearmainn ar leibhéal an Aontais á gcur san áireamh agus leas iomlán á bhaint as an tacaíocht atá ar fáil ón nGníomhaireacht de bhun Airteagal 48(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2019/1896;

An nós imeachta um shainaithint, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as córais mhórsála TF a thacaíonn le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen

7. Úsáid na n-uirlisí uile atá ar fáil (mar shampla bunachair sonraí náisiúnta agus bunachair sonraí de chuid an Aontais, tacaíocht ó líonra na n-oifigeach idirchaidrimh) agus dreasachtaí (mar shampla cúnamh oiriúnaithe maidir le filleadh deonach agus ath-imeascadh, gairmoiliúint) a uasmhéadú agus a fheabhsú a thuilleadh chun sainaithint náisiúnach tríú tír atá faoi réir filleadh a éascú, d'fhonn cinneadh um fhilleadh a fhorfheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Threoir 2008/115/CE;

Córais inchreidte um fhilleadh: comhleanúnachas idir filleadh deonach agus filleadh éigeantach

8. Na huirlisí uile atá ar fáil a úsáid chun na féidearthachtaí a chur chun cinn chun éifeacht iomlán a thabhairt d'Airteagal 7(1), mar a leagtar amach in aithris 10 de Threoir 2008/115/CE é, agus foráil a dhéanamh maidir le comhairleoireacht agus cúnamh feabhsaithe maidir le filleadh, lena n-áirítear an cúnamh a chuirtear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 48(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/1896;
9. Sásraí iomchuí a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáide um fhilleadh, chun an cinneadh um fhilleadh a fhorfheidhmiú murar deonaíodh aon tréimhse le haghaidh imeacht deonach nó murar comhlíonadh an oibleagáid um fhilleadh laistigh den tréimhse a ceadaíodh le haghaidh imeacht deonach, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Threoir 2008/115/CE;
10. A áirithiú go ndéanfar imeacht náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir filleadh a chlárú go córasach agus gan mhoill i gCóras Faisnéise Schengen, agus foláireamh maidir le cead isteach a dhiúltú a iontráil de réir mar is ábhartha, trí sheiceálacha críochnúla ar imeacht a dhéanamh go héifeachtach ag na teorainneacha seachtracha i gcomhréir le hAirteagal 8(3) pointí (g) agus (h) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus trína áirithiú go roinnfear faisnéis fhorlíontach trí SIRENE i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²;

¹ Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/399/oj>).

² Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1860/oj>).

Tús áite tugtha d'fhilleadh coirpeach agus dóibh siúd atá ina mbagairt slándála

11. Gach beart is gá a dhéanamh chun náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh nach gceadaíonn tréimhse le haghaidh imeacht deonach a fhilleadh a luaithe is féidir, chomh maith le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil téarma príosúnachta á cur isteach acu, gan dochar don dlí coiriúil náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Threoir 2008/115/CE;
12. A luaithe a shuífear an bhagairt, an fhaisnéis faoin mbagairt ar an mbeartas poiblí, ar an tslándáil phoiblí nó ar an tslándáil náisiúnta a bhaineann le náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a áireamh go córasach, i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (o), de Rialachán (AE) 2018/1860, sna foláirimh maidir le filleadh atá i gCóras Faisnéise Schengen;
13. A áirithiú go mbainfear leas iomlán as na féidearthachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 7(4) agus in Airteagal 11(2) de Threoir 2008/115/CE maidir le tréimhse le haghaidh imeacht deonach a dheonú agus fad na dtoirmeasc ar dhul isteach, i gcásanna a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach agus a bhfuil riosca ag baint leo don bheartas poiblí, don tslándáil phoiblí nó don tslándáil náisiúnta;

III. ÉIFEACHTÚLACHT NÁISIÚNTA A UASMHÉADÚ TRÍ CHOMHAR EORPACH NÍOS LÁIDRE

Seisiún tuairimíochta a fheabhsú ar mhaithe le cinnteoireacht níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí

14. A áirithiú go mbeidh rochtain iomlán ar shonraí agus ar an gceart na sonraí sin a chuardach i gCóras Faisnéise Schengen ag na húdaráis inniúla náisiúnta a bhfuil baint acu le scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha agus le cinntí a dhéanamh maidir le teacht isteach, fanacht agus filleadh náisiúnach tríú tír, chomh maith leo siúd a dhéanann seiceálacha ar náisiúnaigh tríú tír a thagann isteach nó a fhanann go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1860, Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²;
15. A áirithiú go mbeidh nósanna imeachta náisiúnta tapa i bhfeidhm chun go mbeifear in ann faisnéis a roinnt idir na húdaráis ábhartha ionas go n-iontrálfar foláirimh maidir le filleadh i gCóras Faisnéise Schengen gan mhoill tar éis cinneadh um fhilleadh a eisiúint, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1860;

¹ Rialachán (AE) Uimh. 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1861/oj>).

² Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj>).

16. A áirithiú go n-áireofar na sonraí bithmhéadracha atá ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointí (u) agus (v), de Rialachán (AE) 2018/1860 i bhfoláirimh maidir le fillleadh atá i gCóras Faisnéise Schengen, chun an tsainaithint a fheabhsú;

Tacaíocht oibríochtúil trí Frontex

17. Leas iomlán a bhaint as an tacaíocht oibríochtúil atá ar fáil trí Frontex dá bhforáiltear in Airteagal 48 agus 50 de Rialachán (AE) 2019/1896 chun éifeachtacht na ngníomhaíochtaí um fhilleadh a fheabhsú; agus córais agus nósanna imeachta náisiúnta a oiriúnú chun gur féidir leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí sin;
18. An tacaíocht oibríochtúil atá ar fáil trí Frontex a úsáid chun foirne um fhilleadh dá bhforáiltear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) 2019/1896 a imscaradh, agus comhtháthú iomlán oibríochtúil á áirithiú ag an am céanna i gcomhréir le hAirteagal 54 agus 82 de Rialachán (AE) 2019/1896, chun freagairt don easpa acmhainní daonna a chuireann bac ar fhorfheidhmiú éifeachtach tapa na bhfillteacha, go háirithe i gcásanna ina bhfuil líon mór náisiúnach tríú tír faoi réir an phróisis um fhilleadh ag an am céanna.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 6 Márta 2025

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
